



AITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH DIOPLÓMAÍ

Is gnéithe bunúsacha den mhargadh aonair iad an tsaoirse bhunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, a chumasaíonn soghluaisteacht gnóthaí agus gairmithe in AE. Chun na saoirsín sin a chur i bhfeidhm, ní mór aitheantas a thabhairt go forleathan do dhioplómaí agus cáilíochtaí a bhronntar go náisiúnta. Glacadh bearta difriúla chun iad a chomhchuíbhíú agus chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt dóibh, agus tá reachtaíocht bhreise maidir leis an ábhar ar na bacáin.

BUNÚS DLÍ

Airteagail 26 agus 53 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Ionas gur féidir le daoine féinfhostaithe agus gairmithe iad féin a bhunú i mBallstát eile nó a seirbhísí a thairiscint ansin ar bhonn sealadach, ní mór dioplómaí, teastais agus cruthúnas eile ar cháilíocht ghairmiúil mar a eisíodh sna Ballstáit dhifriúla a aithint go frithpháirteach, agus ní mór aon fhorálacha náisiúnta lena rialaítear rochtain ar ghairmeacha difriúla a chomhordú agus a chomhchuíbhíú.

A BHFUIL BAINTE AMACH

Foráiltear le hAirteagal 53(1) CFAE gur féidir an t-aitheantas frithpháirteach de dhioplómaí agus cáilíochtaí eile a theastaíonn i ngach Ballstát le haghaidh rochtain ar na gairmeacha rialaithe a úsáid chun saoirse bhunaíochta agus soláthar seirbhísí a éascú. Ina theannta sin, tugtar aghaidh ann ar an ngá atá le rialacha náisiúnta a chomhordú maidir le dul i mbun agus saothrú gníomhaíochtaí mar dhaoine féinfhostaithe. I mír 2 den airteagal céanna fo-ordaítear an t-aitheantas frithpháirteach go dtí comhordú na gcoinníollacha a bhfuil feidhmiú sna Ballstáit éagsúla á rialáil acu, 'i gcásanna inar próiseas deacair é comhchuíbhíú den sórt sin'. D'fhorbair an próiseas comhchuíbhithe trí roinnt treoracha ó lár na 1970idí. Ar an mbonn sin, coigeartaítear reachtaíocht ar aitheantas frithpháirteach chun riar ar chásanna éagsúla. Athraíonn iomláine na reachtaíochta de réir na gairme atá i gceist, agus i gcásanna a bhí ann le déanaí glacadh trí chur chuige níos ginearálta í.

A. An cur chuige earnáilsonrach (de réir gairme)

1. Aitheantas frithpháirteach i ndiaidh comhchuíbhíú

Rinneadh dul chun cinn níos tapa i dtaobh comhchuíbhíú in earnáil na sláinte, ar an gcúis fhollasach nach raibh éagsúlacht chomh mór sin sna ceanglais ghairmiúla,



agus go háirithe cúrsaí oiliúna, ó thír go tír (ní hionann agus gairmeacha eile), rud a chiallaíonn nach raibh sé deacair iad a chomhchuíbhiú. Níor dheacair, mar sin, comhchuíbhiú a bhaint amach i líon suntasach gairmeacha (e.g. dochtúirí, altraí, tréidlianna, cnáimhseacha agus gníomhairí tráchtála féinfhostaithe). Is é a bhí mar aidhm leis an [Treoir maidir le Cailíochtaí Gairmiúla](#) (2005/36/CE) ná na treoracha reatha a shoiléiriú, a shimpliú agus a nuachóiriú, agus na gairmeacha rialaithe – dochtúirí, fiacloirí, altraí, tréidlianna, cnáimhseacha, cógaiseoirí agus ailtirí – a thabhairt le chéile i dtéacs reachtach amháin. Sonraítear sa treoir sin, i measc nithe go leor eile, cén chaoi ar cheart do Bhallstáit ‘óstacha’ cailíochtaí gairmiúla a fuarthas i mBallstát (‘baile’) eile a aithint. Áiríonn aitheantas gairmithe córas ginearálta aitheantais agus córais shonracha le haghaidh gach ceann de na gairmeacha thuasluaite. Díritear leis, i measc gnéithe eile, ar leibhéal na cailíochta, na hoiliúna agus na taithí gairmiúla (de chineál ginearálta agus speisialtóra araon). Tá feidhm leis an treoir sin freisin maidir le cailíochtaí gairmiúla laistigh d’earnáil an iompair, agus maidir le hidirghabhálaithe árachais agus iniúchóirí reachtúla. Bhíodh na gairmeacha sin á rialáil faoi threoracha ar leith roimhe seo. Ar an 22 Meitheamh 2011, ghlac an Coimisiún Páipéar Uaine maidir le Nuachóiriú na Treorach maidir le Cailíochtaí Gairmiúla ([COM\(2011\) 0367](#)), inar moladh athchóiriú a dhéanamh ar na córais maidir le cailíochtaí gairmiúla a aithint, d’fhonn soghluaiseacht oibrithe a éascú agus ceanglais oiliúna agus ceanglais reatha an mhargaidh saothair a oiriúnú. Ar an 19 Nollaig 2011 d’fhoilsigh an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cailíochtaí Gairmiúla ([COM\(2011\) 0883](#)) bunaithe ar thoradh na bpróiseas comhairliúcháin éagsúil agus mar fhreagairt ar rún ón bParlaimint an 15 Samhain 2011. Áiríodh i measc na bpríomhthograí is tábhachtaí: an cárta Eorpach gairmiúil a thabhairt isteach; na híoscheanglais oiliúna a chomhchuíbhiú; aitheantas uathoibríoch a thabhairt do sheacht ngairm, mar atá: ailtirí, fiacloirí, dochtúirí, altraí, cnáimhseacha, cógaiseoirí agus tréidlianna; agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a thabhairt isteach ionas go bhféadfaí comhar feabhsaithe a bheith ann in aitheantas dioplómaí. Ba iad príomhchuspóirí an athbhreithnithe ná soghluaisteacht gairmithe ar fud AE a éascú agus a fheabhsú agus cabhrú le ganntanais phearsanra i roinnt Ballstát a laghdú. Treoir ([2013/55/AE](#)) a tháinig ina dhiaidh sin agus a glacadh ar an 20 Samhain 2013^[1].

2. Aitheantas frithpháirteach gan comhchuíbhiú

I gcás gairmeacha eile inar chuir difríochtaí idir rialacha náisiúnta bac ar chomhchuíbhiú, níl an oiread céanna dul chun cinn déanta maidir le haitheantas frithpháirteach. De dheasca éagsúlacht na gcóras dlí, tá bac ar aitheantas frithpháirteach iomlán do dhioplómaí agus cailíochtaí a mbeadh saoirse bhunaíochta láithreach daingnithe acu bunaithe ar dhioplóma a fuarthas sa tír thionscnaimh. Le [Treoir 77/249/CEE](#) ón gComhairle an 22 Márta 1977, deonaíodh saoirse do dhlíodóirí seirbhísí ócáideacha a sholáthar; seachas sin éilíonn saoirse bhunaíochta dioplóma ón tír óstach. Céim shuntasach chun cinn ba ea [Treoir 98/5/CE](#) an 16 Feabhra 1998, inar sonraíodh go bhféadfadh dlíodóirí a raibh dioplóma acu ó aon Bhallstát iad féin

[1] Treoir 2013/55/AE an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cailíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (‘Rialachán IMI’), IO L 354, 28.12.2013, Ich. 132.



a bhunú i mBallstát eile chun gabháil dá ngairm, ar choinníoll go bhféadfaidh an tír óstach a éileamh orthu go bhfaighidh siad cúnaimh ó dhlíodóir áitiúil nuair a bheidh siad ag déanamh ionadaíocht dá gcuid cliant nó á gcosaint sa chúirt. I ndiaidh trí bliana a chaitheamh ag oibriú ar an mbonn sin, faigheann dlíodóirí ceart (más mian leo) a ngairm a lánfheidhmiú, i ndiaidh pas a fháil i dtríail infheidhmeachta a bheidh ceaptha ag an tír óstach agus gan gá scrúdú cáilithe a dhéanamh. Tá an prionsabal céanna curtha i bhfeidhm le teoracha eile i leith gairmeacha eile, amhail oibreoirí iompair de bhóthar, gníomhairí agus bróicéirí árachais, gruagairí agus ailtirí.

B. An cur chuige ginearálta

Nós imeachta fada agus faidréiseach ab ea dréachtú reachtaíochta d'aitheantas frithpháirteach ó earnáil go hearnáil riamh anall (uaireanta le comhchuibhiú níos fairsinge ar rialacha náisiúnta). Dá bharr sin, ba léir go raibh gá le córas ginearálta maidir le coibhéis diplómaí a aithint, a bheadh bailí le haghaidh gach gairme rialaithe nach raibh faoi réir reachtaíocht shonrach AE. D'athraigh an cur chuige ginearálta nua sin an pheirspictíocht. Roimhe sin, bhí 'aitheantas' faoi réir ag rialacha Eorpacha maidir le 'comhchuibhiú' a bheith ann sa ghairm nó sa ghníomhaíocht shonrach rialaithe. Ina dhiaidh sin, is beag nach raibh 'aitheantas frithpháirteach' ann sa ghnáthchúrsa, faoi na rialacha bunaithe, le haghaidh gach gairme rialaithe a bhí i gceist, gan aon ghá a bheith le reachtaíocht thánaisteach earnáilsonrach. Ón tráth sin, leanadh leis an modh 'comhchuibhithe' agus le modh 'an aitheantais fhrithpháirtigh' faoi chóras comhthreomhar, le, i roinnt cásanna, staideanna inar úsáideadh an dá mhodh faoi chóras comhlántach i bhfoirm rialacháin agus teorach ([rúin ón gComhairle an 3 Nollaig 1992](#) agus [an 15 Iúil 1996](#) maidir le trédhearcacht cáilíochtaí agus teastas gairmoiliúna). Ní fhéadfaidh an Ballstát óstach rochtain ar an bpost atá i dtrácht a dhiúltú d'iaratasóirí má bhíonn na cáilíochtaí atá ag teastáil ina dtír thionscnaimh acu. Más rud é gur giorra a mhair an oiliúint a cuireadh orthu ná mar a mhairfeadh sí sa tír óstach, áfach, d'fhéadfadh sé tréimhse áirithe de thaithí ghairmiúil a éileamh, agus má bhíonn difríocht shuntasach san oiliúint, d'fhéadfadh sé tréimhse oiriúnaithe nó tríail infheidhmeachta, de rogha an iartrasóra, a iarraidh, ach amháin más gá eolas ar dhlí náisiúnta don phost.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ar an 15 Samhain 2011, ghlac an Pharlaimint rún ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla ([2005/36/CE](#))^[2] inar iarradh nuachóiriú agus feabhsú a dhéanamh ar an treoir sin agus inar spreagadh úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí is éifeachtúla agus is iomchuí, amhail cárta Eorpach gairmiúil a bhunú, ar cheart glacadh leis mar dhoiciméad oifigiúil aitheanta ag gach údarás inniúil, chun an próiseas aitheantais a éascú.

Mar fhreagairt ar rún na Parlaiminte, an 19 Nollaig 2011, thólaic an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla. I ndiaidh caibidlíocht rathúil thríthaobhach, ghnóthaigh an Pharlaimint na hathruithe a bhí iarrtha aici, lena n-áirítear cárta gairmiúil deonach a thabhairt isteach, sásra foláirimh a

[2] IO C 153E, 31.5.2013, lch. 15 [http://www.europarl.europa.eu/RegistreWeb/search/simple.htm?reference=P7_TA\(2011\)0490](http://www.europarl.europa.eu/RegistreWeb/search/simple.htm?reference=P7_TA(2011)0490)



chruthú, soiléiriú a dhéanamh ar rialacha maidir le rochtain pháirteach ar ghairm rialaithe, rialacha maidir le scileanna teanga, agus sásra a chruthú chun meastóireacht fhrithpháirteach a dhéanamh ar ghairmeacha rialaithe chun tuilleadh trédhearcachta a chinntiú. Ba é a tháinig as sin gur glacadh ar an 20 Samhain 2013 [Treoir 2013/55/AE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint^[3].

Ina dhiaidh sin, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle [Treoir maidir le Tástáil Comhréireachta \(AE\) 2018/958](#) an 28 Meitheamh 2018 a thugann isteach tástáil chomhchuibhithe comhréireachta atá le húsáid ag gach Ballstát sula nglactar rialacháin náisiúnta maidir le gairmeacha^[4]. Ar an 25 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Pharlaimint [rún maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch dioplómaí a chur chun cinn](#).

Chun tuilleadh mioneolais a fháil, féach an staidéar arna ullmhú do choiste IMCO dar teideal '[Mapáil AE: Forléargas ar reachtaíocht a bhaineann le IMCO](#)'^[5].

Mariusz Maciejewski / Christina Ratcliff / Andreea Dobrita
05/2019

[3]IO L 354, 28.12.2013, Ich. 132. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ%3AL%3A2013%3A354%3ATOC>

[4]Treoir (AE) 2018/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le tástáil comhréireachta a dhéanamh sula nglactar rialáil nua gairmeacha, IO L 173, 9.7.2018, Ich. 25: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2018/958/io>

[5]Mapáil AE: Forléargas ar reachtaíocht a bhaineann le IMCO: [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2015/536317/IPOL_STU\(2015\)536317_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2015/536317/IPOL_STU(2015)536317_EN.pdf)

